Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2023
(OR. en)

11051/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0193(NLE)**

FISC 142
ECOFIN 644

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 340 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Ghearmáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 340 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 340 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.6.2023
COM(2023) 340 final

2023/0193 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear don Ghearmáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1] (dá ngairtear 'an Treoir maidir le CBL' anseo feasta), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 10 Samhain 2022, d'iarr Poblacht Chónaidhme na Gearmáine údarú chun maolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL le bheith in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a fhorchur le haghaidh idirbhirt idir daoine inchánacha atá bunaithe sa Ghearmáin (idirbhirt gnólacht le gnólacht).

Ina theannta sin, i litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 8 Feabhra 2023, shonraigh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine an dáta iarrtha le haghaidh theacht i bhfeidhm an bhirt speisialta, is é sin an 1 Eanáir 2025.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 22 Feabhra 2023 maidir leis an iarraidh a rinne an Ghearmáin. Le litir dar dáta an 23 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún in iúl don Ghearmáin go raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Chuir an Ghearmáin iarraidh isteach ar mhaolú, bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, le bheith údaraithe chun oibleagáid a chur chun feidhme maidir le ríomhshonraisc a eisiúint le haghaidh idirbheart idir daoine inchánach atá bunaithe sa Ghearmáin. Bheadh an oibleagáid sin ar an gcéad chéim i dtreo córas tuairiscithe leictreonach a thabhairt isteach chun sonraí idirbheart-bhunaithe faoi idirbhearta intíre gnólacht le gnólacht a tharchur ó dhaoine inchánach chuig an údarás cánach. Dar leis an nGearmáin, bheadh córas tuairiscithe den sórt sin ina uirlis thábhachtach chun calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac agus chun feabhas a chur ar bhailiú CBL.

Le córais tuairiscithe lena n-aistrítear sonraí láimhdeachais atá bunaithe ar idirbhearta chuig an riarachán cánach, is féidir calaois CBL a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí. Measann an Ghearmáin go mbeifear in ann slabhraí calaoiseacha idirbheart agus na rannpháirtithe sna slabhraí sin a shainaithint níos luaithe ach an córas sin a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is féidir na sonraí faoi idirbhearta a chuirtear isteach a úsáid chun cros-seiceáil a dhéanamh leis an bhfaisnéis i dtuairisceáin CBL agus, i gcás neamhréireachtaí, is féidir iad a bhrath agus a sheiceáil ar bhealach níos tráthúla. Ar an iomlán, measann an Ghearmáin go seachnófar leis an rochtain thráthúil ar shonraí sonraisc an gá atá le hiarratas níos maorlathaí ar shonraisc ón riarachán cánach, rud lena gcuirfear dlús leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise agus lena n-éascófar an comhrac sin.

Ghlac an Ghearmáin bearta eile le blianta beaga anuas chun calaois CBL a chomhrac. Ón 1 Eanáir 2019 i leith, thug an Ghearmáin isteach rialacha maidir le dliteanas oibreoirí margaí leictreonacha agus maidir le hoibleagáidí sonracha i leith na n-oibreoirí sin maidir le taifid a choimeád. Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm na rialacha sin, tháinig méadú nach beag ar líon na gclárúchán cánach ar chuideachtaí a sholáthraíonn idirbhearta den sórt sin trí mhargaí.

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

Ina theannta sin, ón 1 Eanáir 2020 i leith, déantar an ceart chun cáin ionchuir a asbhaint agus an díolúine le haghaidh soláthairtí laistigh den Chomhphobal a dhiúltú nuair a bhí a fhios ag an trádálaí, nó nuair ba cheart gurbh eol dó, go raibh sé rannpháirteach i slabhra calaoise nó imghabhála CBL, i gcomhréir le cásdlí reatha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa réimse sin. Ina theannta sin, ón 1 Eanáir 2021 i leith, is féidir bailíocht uimhir aitheantais CBL le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí laistigh den Chomhphobal a theorannú nuair atá tásca ann go bhfuil sí á húsáid chun críoch calaoiseach. Cuirtear an beart sin i bhfeidhm freisin má dhéantar dochar d'ioncam CBL i mBallstát eile de chuid an Aontais mar thoradh ar an mí-úsáid.

Bhain an Ghearmáin úsáid as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le hAirteagal 199a(1) den Treoir maidir le CBL chun an sásra aistrithe táillí a chur i bhfeidhm chun calaois CBL a chomhrac, an uair dheireanach le haghaidh aistrithe deimhnithe gáis agus leictreachais agus seirbhísí teileachumarsáide áirithe. Maidir le lamhháltais astaíochtaí a aistriú faoin nGníomh um Thrádáil Astaíochtaí Breosla, ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh, tugtar isteach an sásra aistrithe táillí ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1778 ón gComhairle[2].

Thug an Ghearmáin seicliostaí náisiúnta isteach freisin chun an fhaisnéis a sholáthair trádálaithe le linn an phróisis cláraithe cánach a fhíorú. Dá bhrí sin, is féidir clárúcháin chánach a dhéantar chun críoch calaoiseach amháin a chosc. Thairis sin, is féidir seiceálacha breise a dhéanamh chun iontaofacht trádálaithe a fhíorú ar bhonn cás ar chás agus, más gá, is féidir tuilleadh seiceálacha a thionscnamh.

Measann an Ghearmáin nach féidir leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an digitiú chun imghabháil agus seachaint cánach a chomhrac ach amháin má dhéantar sonraí a phróiseáil ar bhealach leanúnach. Measann siad gur céim loighciúil riachtanach é úsáid shainordaitheach ríomhshonrasc i bhformáid struchtúrtha i dtreo córas tuairiscithe idirbheart-bhunaithe lena bhféadfar calaois a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí trí na sonraí a bhailítear a anailísiú agus a úsáid.

Dar leis an nGearmáin, is cleachtas coiteann é úsáid ríomhshonrasc cheana in go leor earnálacha den gheilleagar. I réimse an tsoláthair phoiblí, rinne an Ghearmáin Treoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí[3] a thrasuí sa dlí náisiúnta, agus dá réir sin tugadh isteach oibleagáid d'údaráis phoiblí glacadh le ríomh-shonraisc arna seoladh ag a soláthraithe. Sa Ghearmáin i réimse an tsoláthair phoiblí tá sé sainordaitheach ríomhshonraisc a eisiúint ó bhí mí na Samhna 2020 ann.

Dá bhrí sin, tá sé á mhaíomh ag an nGearmáin nach mbeidh ualach mór airgeadais ar go leor gnólachtaí má thugtar isteach an ríomhshonrascadh sainordaitheach chun críocha CBL. Eascróidh coigilteas fadtéarmach as deireadh a chur le sonraisc pháipéir, go háirithe mar go gcuirfí deireadh leis na costais a bhaineann le sonraisc pháipéir a tharraingt suas, a sheoladh agus a stóráil. Ar thaobh an fhaighteora, seachnaítear an costas a bhaineann le sonraisc pháipéir a phróiseáil freisin. Leis an ríomhshonrascadh, beifear in ann optamú a dhéanamh ar phróisis chuntasaíochta do sholáthraí agus d'fhaighteoir an tsonraisc araon. D'fhonn idir-inoibritheacht na gcóras ríomhshonrasctha a úsáidtear san Aontas Eorpach a áirithiú, ceadóidh an Ghearmáin sonraisc a eisiúint a chomhlíonann an caighdeán Eorpach maidir leis an ríomhshonrascadh agus liosta a chomhréireanna de bhun Threoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

[2] IO L 360, 11.10.2021, lch. 117.

[3] IO L 133, 6.5.2014, lch. 1.

[4] Treoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomhshonrascadh i gcás an tsoláthair phoiblí (IO L 133, 6.5.2014, lch. 1).

Le hAirteagal 218 den Treoir maidir le CBL, déantar foráil maidir le hoibleagáid ar na Ballstáit glacadh le gach doiciméad nó teachtaireacht i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach araon mar shonraisc. Dá bhrí sin, ba mhaith leis an nGearmáin maolú a fháil ar an Airteagal thuasluaite den Treoir maidir le CBL chun nach féidir le riarachán cánach na Gearmáine ach doiciméid i bhfoirm leictreonach a mheas mar shonraisc.

Ceanglaítear le hAirteagal 232 den Treoir maidir le CBL go mbeidh úsáid ríomhshonraisc faoi réir ghlacadh an fhaighteora. Dá bhrí sin, chun oibleagáid maidir le ríomhshonrascadh a thabhairt isteach sa Ghearmáin, tá gá le maolú ar an Airteagal sin ionas nach mbeidh ar an eisitheoir toiliú an fhaighteora a fháil a thuilleadh chun sonrasc a sheoladh i bhformáid gan pháipéar.

Deonaítear maoluithe go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun measúnú a éascú i dtaobh an beart speisialta a bheith iomchuí agus éifeachtach nó gan a bheith agus chun am a thabhairt do na Ballstáit gnáthbhearta eile a thabhairt isteach chun dul i ngleic leis an bhfadhb shonrach go dtí go rachaidh an beart maolaithe in éag.

A luaithe a thabharfaidh an beart sin isteach, agus i bhfianaise raon feidhme leathan an mhaolaithe, tá sé tábhachtach a thionchar ar dhaoine inchánach a mheas agus, go sonrach, a mheas ar rannchuidigh sé le calaois agus imghabháil CBL a chomhrac. Más mian leis an nGearmáin fad a chur leis an mbeart maolaitheach, iarrtar uirthi tuarascáil a sholáthar maidir le feidhmiú an bhirt in éineacht leis an iarraidh ar fhadú. Ba cheart measúnú a sholáthar sa tuarascáil sin ar a éifeachtaí atá an beart ó thaobh calaois agus imghabháil CBL a chomhrac agus bailiú cánach a shimpliú. Ba cheart meastóireacht a bheith sa tuarascáil sin freisin ar thionchar an bhirt ar dhaoine inchánach agus go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méadú ar a n-ualach riaracháin agus ar a gcostais chomhlíontachta.

Tá sé beartaithe an maolú a údarú ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027 nó go dtí an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit aon fhorálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a cheanglaítear orthu a ghlacadh i gcás ina nglacfar treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, go háirithe Airteagail 218 agus 232 den Treoir sin, cibé acu is túisce.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le hAirteagal 218 den Treoir maidir le CBL, cuirtear sonraisc pháipéir agus ríomhshonraisc ar comhchéim trí fhoráil a dhéanamh go nglacfaidh na Ballstáit le doiciméid nó le teachtaireachtaí ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach mar shonraisc. De réir Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL, beidh úsáid ríomhshonraisc faoi réir ghlacadh an fhaighteora. Go deimhin, bheadh an ríomhshonrascadh sainordaitheach atá beartaithe ag an nGearmáin ina mhaolú ar an dá fhoráil sin.

Is féidir an maolú a údarú bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL chun an nós imeachta um bhailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc. Beidh tabhairt isteach ríomhshonrascadh sainordaitheach le haghaidh idirbhearta gnólacht le gnólacht ina chéad chéim chun córas tuairiscithe idirbheart-bhunaithe a chur chun feidhme sa Ghearmáin, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí calaois agus imghabháil CBL a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí. Ar bhonn na ngnéithe a sholáthair an Ghearmáin, tá an maolú comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana.

Rinneadh údaruithe comhchosúla lena gceadaítear don Iodáil, don Fhrainc agus don Pholainn maolú ar Airteagail 218 agus 232 den Treoir maidir le CBL chun ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme a dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE)

2021/2251 ón gComhairle[5], Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/133 ón gComhairle[6] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1003 ón gComhairle[7].

In 2020, ghlac an Coimisiún an '*Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Plean Gníomhaíochta maidir le cánachas cothrom simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh*'[8]. Is é ceann de na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa phlean gníomhaíochta sin go nglacfaidh an Coimisiún togra reachtach arb é is aidhm dó oibleagáidí maidir le tuairisciú CBL a nuachóiriú. Mar a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta, ba cheart don togra sin, i measc nithe eile, cuidiú le cuíchóiriú a dhéanamh ar na sásraí tuairiscithe is féidir a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta intíre. Déantar scrúdú freisin ar an ngá ríomhshonrascadh a leathnú a thuilleadh sa chomhthéacs sin.

Mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta sin, an 8 Nollaig 2022 ghlac an Coimisiún Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[9] (an togra maidir le CBL sa ré dhigiteach), atá á phlé sa Chomhairle. Leis an Treoir sin, leasófar Airteagal 218 agus scriosfar Airteagal 232 den Treoir maidir le CBL. Leis an athchóiriú sin, a luaithe a ghlacfar é, beidh na Ballstáit in ann ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, rud a chuirfidh deireadh leis an ngá maoluithe breise a iarraidh ón Treoir maidir le CBL chun na córais sin a chur chun feidhme. Ar an gcúis sin, a luaithe a dhéanfadh na Ballstáit an togra sin le haghaidh Treorach a thrasuí, ní bheadh aon éifeacht úsáideach ag an gCinneadh sin ón gComhairle a thuilleadh.

San iarraidh ón nGearmáin, deir an Ghearmáin go measann an Rialtas Cónaidhme go bhfuil na haidhmeanna a shaothraítear leis an mbeart speisialta i gcomhréir le pleananna an Choimisiúin Eorpaigh maidir le córas tuairiscithe Eorpach. Ina theannta sin, chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint maidir le córas tuairiscithe a thabhairt isteach agus a riar ina dhiaidh sin, ó thaobh oibreoirí gnó agus an t-údarás fioscach de araon, cuirfidh an Ghearmáin CBL san áireamh sa togra maidir leis an ré dhigiteach sna hoibreacha i dtreo chur chun feidhme an chórais tuairiscithe náisiúnta. Is é is aidhm don Ghearmáin struchtúir an dá chóras a shioncrónú a mhéid is féidir.

Dá bhrí sin, tá an maolú a d'iarr Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ailínithe leis na cuspóirí atá á saothrú ag an gCoimisiún mar a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta agus sa Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise na forála den Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, ní bhaineann prionsabal na coimhdeachta le hábhar.

[5] IO L 454, 17.12.2021, lch. 1.
[6] IO L 20, 31.1.2022, lch. 272.
[7] IO L 168, 27.6.2022, lch. 81.
[8] https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2020-07/2020_tax_package_tax_action_plan_en.pdf
[9] COM/2022/701 final.

- **Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar iarraidh uaidh féin agus níl aon oibleagáid ann.

Chun an t-ualach ar ghnólachtaí agus ar an riarachán cánach a laghdú, leanfaidh an Ghearmáin ar aghaidh de réir a chéile, tríd an oibleagáid a thabhairt isteach maidir le ríomhshonraisc a eisiúint mar chéad chéim, d'fhonn cur leis sin le córas tuairiscithe ina dhiaidh sin. Chun dúbláil na gcostas agus iarrachtaí nach bhfuil riachtanach a sheachaint, cuirfidh an Ghearmáin an togra maidir le CBL sa ré dhigiteach san áireamh agus a córas tuairiscithe náisiúnta á cheapadh aici, agus a córas tuairiscithe á ailíniú leis an gcóras sin atá sa togra thuasluaite. I ndáil leis sin, déanfar ceanglais dhlí an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le tuairisciú idirbheart trasteorann a chomhordú leis an gcóras chun idirbhearta náisiúnta a thuairisciú, d'fhonn a áirithiú go ndéanfaidh daoine inchánach an dá chatagóir idirbheart a láimhseáil ar bhealach atá chomh haonfhoirmeach agus is féidir, rud a chuirfidh teorainn leis an ualach riaracháin ar ghnólachtaí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil sé éigeantach cheana sa Ghearmáin ríomhshonrascadh a úsáid i gcaidrimh idir gnólachtaí agus rialtas tar éis chur chun feidhme Threoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomh-shonrascadh sa soláthar poiblí.

Áirítear ar phríomhghnéithe an chórais náisiúnta atá beartaithe tarchur tráthúil sonraí sonraisc, a bhí teoranta ar dtús don limistéar gnólacht le gnólacht, chuig lárchóras tuairiscithe. Glacfaidh an Ghearmáin le tarchur sonraí faoi shonraisc struchtúrtha a chomhfhreagraíonn d'fhormáid atá bunaithe ar chaighdeán CEN EN 16931, chun idir-inoibritheacht na gcóras a éascú. Níl sé beartaithe sonraisc iomlána a tharchur, mar ní bheidh ar dhaoine inchánach ach na sonraí is gá chun críoch cánach a thuairisciú. Ina theannta sin, ní dhéanfar malartú sonrasc idir daoine inchánach a bhainistiú trí fhreastalaithe an riaracháin cánach ná ní bheidh na sonraisc faoi réir nós imeachta imréitigh a bheadh le déanamh ag an riarachán.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid maidir le ríomhshonraisc a úsáid ach amháin maidir le hidirbhearta idir daoine inchánach atá bunaithe sa Ghearmáin. Níl aon mhaolú ar na rialacha comhchuibhithe maidir le sonraí sonraisc. Ní bheidh tionchar ag an mbeart ar chuideachtaí nach bhfuil bunaithe sa Ghearmáin, agus ní dhéanfar difear don cheart sonrasc páipéir a fháil i gcás idirbhearta laistigh den Chomhphobal.

Tá teorainn ama leis an maolú freisin agus tá tuarascáil maidir le feidhmiú agus éifeachtacht an bhirt le hullmhú ar eagla gur mian leis an nGearmáin fad a chur leis an mbeart maolaitheach.

Dá bhrí sin, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, is é sin calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón

gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Measúnú tionchair**

Beidh tionchar ag an ríomhshonrascadh sainordaitheach ar an riarachán cánach agus ar dhaoine inchánach araon.

Comhlánóidh cur chun feidhme córais tuairiscithe bunaithe ar an ríomhshonrascadh na bearta thuasluaite a chuir an Ghearmáin chun feidhme le déanaí chun calaois agus imghabháil CBL a chomhrac, amhail feabhas a chur ar na próisis chlárúcháin. Dar leis an nGearmáin, léirítear éifeachtacht na mbeart sin i ndáil le calaois CBL a chomhrac agus i ndáil le bailiú cánach a áirithiú sna figiúirí bliantúla maidir le bearna CBL na Gearmáine.

Ní eascróidh ualach an-ard ar ghnólachtaí as an ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme ós rud é gur cleachtas coiteann é cheana in go leor earnálacha den gheilleagar agus go bhfuil sé sainordaitheach i réimse an tsoláthair phoiblí. Ina theannta sin, rachaidh an t-uathoibriú próiseas chun tairbhe do ghnólachtaí, amhail uathoibriú próiseas cuntasaíochta, agus gheobhaidh siad coigilteas fadtéarmach ó dheireadh a chur le sonraisc pháipéir, mar go gcuirfear deireadh leis na costais a bhaineann le sonraisc pháipéir a tharraingt suas, a sheoladh agus a stóráil.

Ina theannta sin, leanfaidh an córas, a mhéid is féidir, gnéithe an chórais a áirítear sa togra maidir le CBL sa ré dhigiteach, agus tuairisciú idirbheart intíre á ailíniú leis an gcóras a bheidh ann amach anseo chun idirbhearta laistigh den Chomhphobal a thuairisciú. Seachnóidh sé sin dúbláil na gcostas do dhaoine inchánach agus don riarachán cánach, rud a fhágfaidh gur féidir tuairisciú an dá chineál idirbheart a chomhlíonadh ar an mbealach céanna.

Cuirfear riachtanais shonracha gnólachtaí beaga san áireamh agus forálacha náisiúnta á gceapadh. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí mhéideanna cuideachta a shocrú nó trí íosmhéid sonraisc a shocrú faoina bhfuil sé fós roghnach ríomhshonraisc a úsáid ar feadh tréimhse atá le cinneadh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon drochthionchar i gceist leis an mbeart speisialta ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

2023/0193 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear don Ghearmáin beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe d'Airteagal 395(1) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 10 Samhain 2022, d'iarr an Ghearmáin údarú chun beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE ('an beart speisialta') chun ríomhshonrascadh sainordaitheach a thabhairt isteach i gcás na n-idirbheart ar fad a dhéantar idir daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Gearmáine.

(2) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 8 Feabhra 2023, shonraigh an Ghearmáin an dáta iarrtha le haghaidh theacht i bhfeidhm an bhirt speisialta, is é sin an 1 Eanáir 2025.

(3) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, le litreacha dar dáta an 22 Feabhra 2023, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Ghearmáin chuig na Ballstáit eile agus, le litir dar dáta an 23 Feabhra 2023, thug sé fógra don Ghearmáin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun an iarraidh a mheas.

(4) Tá sé beartaithe ag an nGearmáin ríomhshonrascadh sainordaitheach a chur i bhfeidhm le haghaidh idirbhearta idir daoine inchánach atá bunaithe sa Ghearmáin mar chéad chéim i gcur chun feidhme córais tuairiscithe idirbheart-bhunaithe. Leis an gcóras tuairiscithe sin chuirfí sochair ar fáil maidir le calaois agus imghabháil cánach breisluacha (CBL) a chomhrac. D'fhágfadh sé go bhféadfadh an riarachán cánach slabhraí chalaois CBL a shainaithint níos luaithe agus chuirfeadh sé ar a chumas dó fíoruithe tráthúla agus uathoibríocha a dhéanamh ar an gcomhsheasmhacht idir an CBL a dearbhaíodh agus an CBL atá dlite. I gcás neamhréireachtaí, leis an gcóras d'fhéadfaí iad a bhrath agus a sheiceáil go luath. Ina theannta sin, measann an Ghearmáin go gcuirfí deireadh leis an ngá atá le hiarraidh níos maorlathaí ar shonraisc ón riarachán cánach le rochtain thráthúil ar shonraí sonraisc, agus dá réir sin go gcuirfí dlús leis an gcomhrac in aghaidh chalaois CBL agus go n-éascófaí an comhrac sin.

(5) Measann an Ghearmáin nach n-eascródh ualach an-ard ar ghnólachtaí as an ríomh-shonrascadh sainordaitheach a thabhairt isteach ós rud é gur cleachtas coiteann é an ríomhshonrascadh sainordaitheach cheana in go leor earnálacha den gheilleagar

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

agus go bhfuil sé sainordaitheach i réimse an tsoláthair phoiblí. Ina theannta sin, rachadh sé chun tairbhe d'oibreoirí eacnamaíocha trí phróisis a dhigitiú agus tríd an ualach riaracháin atá orthu a laghdú. D'eascródh coigilteas fadtéarmach as úsáid ríomhshonrasc mar go gcuirfí deireadh le sonraisc pháipéir, agus ar an gcaoi sin laghdódh na costais a bhaineann le sonraisc a eisiúint, a sheoladh, a phróiseáil agus a stóráil.

(6) An 8 Nollaig 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[2]. Leis na leasuithe atá beartaithe a leagtar amach sa Treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE, leasófaí Airteagal 218 agus scriosfaí Airteagal 232 de Threoir 2006/112/CE, agus ar an ábhar sin cheadófaí do na Ballstáit ríomh-sonrascadh sainordaitheach a chur chun feidhme, agus chuirfí deireadh leis an ngá maoluithe breise ar Threoir 2006/112/CE a iarraidh chun na córais sin a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ón dáta a bheidh ar na Ballstáit aon fhorálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a cheanglaítear orthu a ghlacadh i gcás ina nglacfar an Treoir sin, ní bheadh aon éifeacht úsáideach ag an gCinneadh seo a thuilleadh.

(7) I bhfianaise raon feidhme leathan agus úrnuacht an bhirt speisialta, tá sé tábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar a thionchar ar chalaois agus imghabháil CBL a chomhrac agus ar dhaoine inchánach. Dá bhrí sin, i gcás ina measann an Ghearmáin gur gá síneadh a chur leis an mbeart speisialta, ba cheart di tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon leis an iarraidh ar shíneadh, lena n-áirítear measúnú ar an mbeart speisialta maidir lena éifeachtacht sa chomhrac in aghaidh chalaois agus imghabháil CBL agus ó thaobh bailiú cánach a shimpliú de.

(8) Níor cheart difear a dhéanamh do cheart an chustaiméir sonraisc pháipéir a fháil de thoradh an bhirt speisialta i gcás idirbhearta laistigh den Chomhphobal.

(9) Ba cheart an beart speisialta a bheith teoranta ó thaobh ama ionas gur féidir breithmheas a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé iomchuí éifeachtach i bhfianaise a chuspóirí.

(10) Tá an beart speisialta i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú ós rud é go bhfuil teorainn ama agus raon feidhme leis. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis an mbeart speisialta an riosca go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.

(11) De thoradh an bhirt speisialta ní dhéanfar dochar do mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais chríochnaithigh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 218 de Threoir 2006/112/CE, tá an Ghearmáin údaraithe gan glacadh le sonraisc arna n-eisiúint i bhfoirm doiciméad nó teachtaireachtaí ag daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Gearmáine, mura n-aistrítear na doiciméid nó na teachtaireachtaí sin i bhformáid leictreonach.

[2] COM/2022/701 final.

*Airteagal 2*

De mhaolú ar Airteagal 232 de Threoir 2006/112/CE, tá an Ghearmáin údaraithe foráil a dhéanamh nach mbeidh úsáid ríomhshonrasc arna n-eisiúint ag daoine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Gearmáine faoi réir ghlacadh an fhaighteora atá bunaithe i gcríoch na Gearmáine.

*Airteagal 3*

Tabharfaidh an Ghearmáin fógra don Choimisiún faoi na bearta náisiúnta lena gcuirfear chun feidhme an beart speisialta le haghaidh na maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2.

*Airteagal 4*

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2025 go dtí an dáta is luaithe den dá dháta seo a leanas:

(a) An 31 Nollaig 2027;

(b) an dáta óna mbeidh ar na Ballstáit aon fhorálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a cheanglaítear orthu a ghlacadh i gcás ina nglacfar treoir lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, go háirithe Airteagail 218 agus 232 den Treoir sin.

2. Má mheasann an Ghearmáin gur gá síneadh a chur leis an mbeart speisialta, cuirfidh an Ghearmáin iarraidh ar shíneadh faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon lena tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar a éifeachtaí a bhí na bearta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 chun calaois agus imghabháil CBL a chomhrac agus chun bailiú cánach a shimpliú. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin freisin ar thionchar na mbeart sin ar dhaoine inchánach agus go háirithe cé acu a mhéadaíonn nó nach méadaíonn na bearta sin a n-ualach riaracháin agus a gcostais riaracháin.

*Airteagal 5*

Is chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*